



TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
COLLINS
arna tabhairt an 4 Bealtaine 2023¹

Cás C-148/22

OP

v

Commune d'Ans

[iarraidh ar réamhrialú ón tribunal du travail de Liège (an Chúirt Oibreachais, Liège, an Bheilg)]

(Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Treoir 2000/78/CE – Cóir chomhionann san fhostaíocht agus sa tslí bheatha – Cosc ar idirdhealú bunaithe ar reiligiún nó creidimh – Airteagal 2(2)(a) – Airteagal 2(2)(b)(i) – Airteagal 2(5) – Airteagal 4(1) – Rialacháin oibre eintitis phoiblí a chuireann cosc ar a chuid fostaithe comharthaí infheicthe de chreidimh pholaitiúla, fealsúnachta nó reiligiúnacha a chaitheamh san ionad oibre – Cosc ar oibrí caifirín Ioslamach a chaitheamh – Prionsabal maidir le neodracht an Stáit)

Réamhrá

1. I roinnt tíortha Eorpacha, bíonn dianphlé ann go rialta ag an tsochaí shibhialta, polaiteoirí agus na meáin ar an tsaincheist a bhaineann le comharthaí reiligiúnacha a chaitheamh i spásanna poiblí, in institiúidí oideachais agus san ionad oibre. Go háirithe, tá conspóid mhór ann faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé de cheart ag fostóir srianta den sórt sin a chur ar a chuid oibríthe agus iad i mbun a gcuid dualgas. Is saincheist íogair í seo a éilíonn réiteach idir an ceart bunúsach chun saoirse reiligiúin, a bhfuil toirmeasc ar idirdhealú ar bhonn reiligiúin mar chomhcheilg uirthi, agus saoirsí agus prionsabail eile, amhail an tsaoirse chun gnó a sheoladh, prionsabail an dí-eaglaiseachais, na neodracht agus na neamhchlaontachta, agus cosaint cearta agus saoirsí daoine eile.

2. Le blianta beaga anuas, tá an Chúirt Bhreithiúnais tar éis scrúdú a dhéanamh, roinnt uaireanta, i bhfianaise an choisc ar “idirdhealú bunaithe ar reiligiún nó creidimh” de réir bhrí Airteagail 1 agus 2 de Threoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat

¹ Bunteanga: an Fhraincis.

ginearálta le haghaidh na córa combhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha², ar chás na n-oibríthe ban Moslamach san earnáil phríobháideach a raibh cosc curtha ag a bhfostóir orthu an caifirín Ioslamach³ a chaitheamh san ionad oibre⁴.

3. Leanann an t-iarratas ar réamhrialú seo, a rinne an tribunal du travail de Liège (an Chúirt Oibreachais, Liège, an Bheilg), na cásanna sin, cé gurb é an tsainiúlacht, an uair seo, ná go n-eascaíonn an cosc ar chomharthaí reiligiúnacha a chaitheamh san ionad oibre ní ó fhostóir príobháideach ach ó fhostóir poiblí, sa chás seo bardas. Is é seo an chéad uair a iarradh ar an gCúirt rialú a dhéanamh ar chás den sórt sin, rud a ardaíonn, *inter alia*, an cheist i dtaobh an gciallaíonn cineál agus saintréithe sonracha na seirbhíse poiblí agus an comhthéacs sonracha bhaineann le gach ceann de na Ballstáit gur cheart réiteach atá éagsúil ón réiteach a glacadh sna cásanna roimhe seo a ghlacadh sa chás seo.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

4. I gcomhréir le hAirteagal 1 de, is é is cuspóir do Threoir 2000/78 creat ginearálta a leagan síos chun idirdhealú bunaithe ar reiligiún nó creidimh⁵, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh maidir le fostaíocht agus slí bheatha a chomhrac, d'fhonn prionsabal na córa combhionainne a chur i bhfeidhm sna Ballstáit.

5. Faoi Airteagal 2(1) de Threoir 2000/78, “ciallóidh ‘prionsabal na córa combhionainne’ nach ndéanfar aon idirdhealú díreach ná indíreach bunaithe ar aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 1” [Aistriúchán neamhoifigiúil] den Treoir sin.

6. Foráiltear le hAirteagal 2(2) de Threoir 2000/78, chun críocha Airteagal 2(1) de a chur i bhfeidhm:

- “(a) measfar go dtarlaíonn idirdhealú díreach i gcás ina gcaitear le duine amháin le níos lú fabhair ná mar a chaitear, a caitheadh nó mar a chaithfí le duine eile, i gcás inchomparáide, ar aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 1;
- (b) measfar go dtarlaíonn idirdhealú indíreach nuair is dócha go gcuirfidh foráil, critéar nó cleachtas atá neodrach de réir dealraimh daoine de reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh ar leith faoi mhíbhuntáiste ar leith i gcomparáid le daoine eile, ach amháin:

² IO 2000 L 303, lch. 16.

³ Is éard is brí le “caifirín Ioslamach”, dá ngairtear “fial Ioslamach” nó “hijab” air freisin, ná airteagal éadaigh a chlúdaíonn an ghruaig, na cluasa agus an muineál, ach a fhágann an aghaidh nocht.

⁴ Breithiúnais an 14 Márta 2017, *G4S Secure Solutions* (C-157/15, “an breithiúnas in *G4S Secure Solutions*”, EU:C:2017:203), an 14 Márta 2017, *Bougnaoui agus ADDH* (C-188/15, “an breithiúnas in *Bougnaoui agus ADDH*”, EU:C:2017:204), an 15 Iúil 2021, *WABE agus MH Müller Handel* (C-804/18 agus C-341/19) (“an breithiúnas in *WABE agus MH Müller Handel*”), EU:C:2021:594, agus an 13 Deireadh Fómhair 2022, *S.C.R.L.* (Éadaí de chiall reiligiúnach) (C-344/20, “an breithiúnas in *S.C.R.L.*”, EU:C:2022:774).

⁵ Tá sé sonraithe ag an gCúirt, chun críocha chur i bhfeidhm Threoir 2000/78, go bhfuil na téarmaí “reiligiún” agus “creidimh” le meas mar dhá ghné den “fhoras idirdhealaithe céanna amháin” agus go gclúdaíonn foras an idirdhealaithe bunaithe ar “reiligiún nó creidimh” creidimh reiligiúnacha agus creidimh fealsúnachta nó spioradálta araon (breithiúnas in *S.C.R.L.*, míreanna 26, 27 agus 29 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- (i) má tá, leis an bhforáil seo, bonn cirt oibiachtúil leis an gcritéar nó leis an gcleachtas sin trí aidhm dhlísteanach agus má tá na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach iomchuí agus riachtanach [...]” [Aistriúchán neamhoifigiúil]

7. De réir Airteagal 2(5) de, tá Treoir 2000/78 gan dochar do bhearta dá bhforáiltear sa reachtaíocht náisiúnta atá riachtanach, i sochaí dhaonlathach, don tslándáil phoiblí, chun an ord poiblí a chosaint agus an choireacht a chosc, chun an tsláinte a chosaint agus chun cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.

8. Cinntear raon feidhme Threoir 2000/78 in Airteagal 3 de, lena bhforáiltear i mír 1, *inter alia*:

“Laistigh de theorainneacha na n-inniúlachtaí arna dtabhairt don [Aontas Eorpach], beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le gach duine, maidir leis an earnáil phoiblí agus leis an earnáil phríobháideach araon, lena n-áirítear comhlachtaí poiblí, i ndáil leis an méid seo a leanas:

[...]

- (c) coinníollacha fostaíochta agus oibre, lena n-áirítear coinníollacha dífhostaithe agus luacha saothair;

[...]” [Aistriúchán neamhoifigiúil]

9. Foráiltear in Airteagal 4 den Treoir sin, dar teideal “Ceanglais cheirde”, i mír 1:

“D’ainneoin Airteagal 2(1) agus (2), féadfaidh na Ballstáit a fhoráil nach idirdhealú a bheidh i ndifríocht cóireála bunaithe ar shaintréith a bhaineann le ceann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 1 más rud é, mar gheall ar chineál na ngníomhaíochtaí ceirde nó an comhthéacs ina ndéantar iad, gur ceanglas ceirde riachtanach agus cinntitheach an tréith atá i gceist, ar choinníoll go bhfuil an aidhm dhlísteanach agus go bhfuil an ceanglas comhréireach.” [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Beilge

10. Tá sé beartaithe leis an loi du 10 mai 2007 tendant à lutter contre certaines formes de discrimination (Dlí an 10 Bealtaine 2007 maidir le cineálacha áirithe idirdhealaithe a chomhrac)⁶, sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí (“an Dlí Ginearálta maidir le Frith-Idirdhealú”), Treoir 2000/78 a thrasú i ndlí na Beilge.

11. De réir Airteagal 3 de, is é cuspóir an Dlí Ghinearálta maidir le Frith-Idirdhealú creat ginearálta a chruthú, sna hábhair dá dtagraítear in Airteagal 5 de, chun idirdhealú bunaithe ar aois, gnéaschlaonadh, stádas sibhialta, breith, stádas airgeadais, creideamh reiligiúnach nó fealsúnachta, creideamh polaitiúil, teanga, staid sláinte reatha nó sa todhchaí, míchumas, tréith fhisiciúil nó ghéiniteach nó tionscnamh sóisialta a chomhrac.

⁶ *Moniteur belge* an 30 Bealtaine 2007, lch. 29016.

12. Leagtar amach in Airteagal 4 den dlí sin, a bhaineann le sainmhínte, seo a leanas:

“Chun críocha an Dlí seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

1° caidreamh fostaíochta: caidreamh lena n-áirítear, *inter alia*, fostaíocht, coinníollacha rochtana ar fhostaíocht, coinníollacha oibre agus rialacha um dhífhostú, agus seo:

– san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon;

[...]

4° critéir chosanta: aois, gnéaschlaonadh, stádas sibhialta, breith, stádas airgeadais, creideamh reiligiúnach nó fealsúnachta, creideamh polaitiúil, teanga, staid sláinte reatha nó sa todhchaí, míchumas, tréith fhisiciúil nó ghéiniteach, tionscnamh sóisialta;

[...]

6° idirdhealúchán díreach: an staid a thagann chun cinn nuair a chaitear le duine amháin, ar bhonn ceann amháin de na critéir chosanta, le níos lú fabhair ná mar a chaitear, a caitheadh nó a chaithfí le duine eile i gcás inchomparáide;

7° idirdhealú díreach: idirdhealúchán díreach, bunaithe ar cheann de na critéir chosanta, nach féidir bonn cirt a thabhairt leis ar bhonn fhorálacha Theideal II;

8° idirdhealúchán indíreach: an staid a thagann chun cinn nuair is dócha go gcuirfidh foráil, critéar nó cleachtas atá neodrach de réir dealraimh daoine a bhfuil ceann de na critéir chosanta mar shaintréith acu faoi mhíbhuntáiste ar leith i gcomparáid le daoine eile;

9° idirdhealú indíreach: idirdhealúchán indíreach, bunaithe ar cheann de na critéir chosanta, nach féidir bonn cirt a thabhairt leis ar bhonn fhorálacha Theideal II;

[...]

13. Foráiltear le hAirteagal 5(1) den Dlí Ginearálta maidir le Frith-Idirdhealú, cé is moite d’ábhair a thagann faoi inniúlacht na gComhphobal nó na Réigiún, go bhfuil feidhm ag an dlí sin maidir le gach duine, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, lena n-áirítear comhlachtaí poiblí, maidir le, *inter alia*, caidreamh fostaíochta.

14. Foráiltear in Airteagal 7 den Dlí sin⁷:

“Is idirdhealú díreach aon idirdhealúchán díreach atá bunaithe ar aon cheann de na critéir chosanta mura dtugtar bonn cirt oibiachtúil leis an idirdhealúchán díreach sin trí aidhm dhlísteanach agus go bhfuil na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach iomchuí agus riachtanach.”

⁷ Faoi Theideal II, dar teideal “Údar le hIdirdhealúchán”, déanann an Dlí Ginearálta maidir le Frith-Idirdhealú Airteagal 7 go 13 a ghrúpáil le chéile.

15. Foráiltear le hAirteagal 8 den Dlí Ginearálta maidir le Frith-Idirdhealú:

“1. De mhaolú ar Airteagal 7, agus gan dochar d’fhorálacha eile an Teidil seo, ní fhéadfar bonn cirt a thabhairt le hidirdhealúchán díreach bunaithe ar aois, gnéaschlaonadh, creideamh reiligiúnach nó fealsúnachta, nó míchumas sna réimsí dá dtagraítear i bpointí 4, 5 agus 7 d’Airteagal 5(1), ach amháin trí cheanglais cheirde riachtanacha agus cinntitheacha.

2. Ní féidir a mheas go bhfuil ann do cheanglas ceirde riachtanach agus cinntitheach ach amháin sna cásanna seo a leanas:

- tá saintréith shonrach, a bhaineann le haois, gnéaschlaonadh, creideamh reiligiúnach nó fealsúnachta nó míchumas, riachtanach agus cinntitheach mar gheall ar chineál na ngníomhaíochtaí ceirde sonracha lena mbaineann nó an comhthéacs ina ndéantar iad, agus;
- tá an ceanglas bunaithe ar aidhm dhlísteanach agus tá sé comhréireach leis an aidhm sin.

3. Is faoin gcúirt atá sé a fhíorú, ar bhonn cás ar chás, an ionann saintréith áirithe agus ceanglas ceirde riachtanach agus cinntitheach.

[...]

16. Foráiltear le hAirteagal 9 den dlí sin:

“Is idirdhealú indíreach aon idirdhealúchán indíreach atá bunaithe ar aon cheann de na critéir chosanta,

- mura dtugtar bonn cirt oibiachtúil leis an bhforáil, leis an gcritéar nó leis an gcleachtas atá neodrach de réir dealraimh agus atá mar bhonn leis an idirdhealúchán indíreach sin trí aidhm dhlísteanach agus mura bhfuil na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach iomchuí agus riachtanach;

[...]

17. Faoi Airteagal 11(1) den Dlí Ginearálta maidir le Frith-Idirdhealú, “ní hionann idirdhealúchán díreach nó indíreach bunaithe ar aon cheann de na critéir chosanta agus aon chineál d’idirdhealú a thoirmistear leis an Dlí seo i gcás ina bhforchuirtear an t-idirdhealúchán díreach nó indíreach sin le dlí nó de bhun dlí”.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceistanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

18. An 11 Aibreán 2016, d’earcaigh an Commune d’Ans (an Bheilg) (“an Commune”) OP, dlíodóir ó thaobh oiliúna de, faoi chonradh ar théarma seasta mar bhall den fhoireann chonarthaigh. An 11 Deireadh Fómhair ina dhiaidh sin, tugadh ardú céime di mar Cheann Oifige agus rinneadh conradh buan dá conradh. Bíonn uirthi déileáil le conarthaí poiblí an Commune agus tugann sí faoina feidhmeanna den chuid is mó gan bheith i dteagmháil leis an bpobal, is é sin, chun an frása

a úsáideann an chúirt a rinne an tarchur a úsáid, “sa chúloifig”⁸.

19. An 8 Feabhra 2021, chuir OP, atá ina Moslamach, in iúl go hoifigiúil don Commune go raibh sé ar intinn aici an caifirín Ioslamach a chaitheamh san ionad oibre ón 22 Feabhra 2021.

20. An 18 Feabhra 2021, ghlac an Commune an chéad chinneadh lena gcuirtear cosc ar OP “comharthaí reiligiúnacha”⁹ a chaitheamh agus a gníomhaíochta gairmiúla á bhfeidhmiú aici “go dtí go nglacfar rialacháin ginearálta maidir le comharthaí creidimh a chaitheamh san údarás”¹⁰.

21. An 26 Feabhra 2021, tar éis dó OP a éisteacht, le cúnaimh óna habhcóide, ghlac an Commune an dara cinneadh, lena ndéantar an chéad chinneadh a ionadú agus an cosc a bhí ann a dhearbhu.

22. An 29 Márta 2021, leasaigh an Commune Airteagal 9 dá rialacháin oibre. Sa leagan nua tar éis an leasaithe sin, foráiltear leis an Airteagal sin, dar teideal “Oibleagáid neodrachta agus dualgas discréide”, anois, *inter alia*¹¹:

“Beidh saoirse tuairimí a nochtadh ag an oibrí i gcomhréir le prionsabal na neodrachta, lena oibleagáid discréide agus lena dhualgas dílseachta.

Tá sé mar dhualgas ar oibrithe meas a léiriú ar phrionsabal na neodrachta, a chiallaíonn gur gá dóibh staonadh ó aon chineál iompúcháin agus go bhfuil cosc orthu aon chomhartha feiceálach a d’fhéadfadh a gcleamhnú idé-eolaíoch nó fealsúnachta nó a gcreidimh pholaitiúla nó reiligiúnacha a léiriú. Beidh feidhm ag an riail seo maidir lena dteagmhálacha leis an bpobal agus lena gcaidreamh lena mbainisteoirí agus lena gcomhghleacaithe.

[...]”

23. Ina dhiaidh sin, thionscain OP roinnt imeachtaí os comhair na gcúirteanna náisiúnta d’fhonn, *inter alia*, dearbhú a fháil gur sháraigh an Commune a shaoirse reiligiúin agus cinntí an Commune an 18 agus an 26 Feabhra 2021 a chur ar fionraí agus a neamhniú.

24. An 26 Bealtaine 2021, thionscain OP caingean le haghaidh urghaire¹² os comhair na cúirte a rinne an tarchur, an tribunal du travail de Liège (an Chúirt Oibreachais, Liège, an Bheilg), ag lorg, *inter alia*, dearbhú go ndéantar idirdhealú bunaithe ar reiligiún agus ar inscne ina leith agus go bhfuil cinntí an Commune an 18 agus an 26 Feabhra 2021 agus an riail atá i gceist sna príomhimeachtaí ó bhail.

25. Measann an chúirt a rinne an tarchur gurb ionann cosc an Commune ar OP, sna cinntí sin, an caifirín Ioslamach a chaitheamh agus “idirdhealú díreach bunaithe ar idirdhealúchán díreach a leanann as an gcritéar cosanta ‘creideamh reiligiúnach nó fealsúnachta’”. De réir na cúirte sin, cé go bhféadfaí glacadh leis go raibh, laistigh den riarachán bardasach, riail neamhscríofa ann a chuir

⁸ De réir OP, tá a teagmhálacha díreacha leis an bpobal teoranta do thairiscintí a ghlacadh go pearsanta, i gcás nach bhfuil seachadadh leictreonach éigeantach, rud nach dtarlaíonn go rómhínic, agus d’ionadaíocht *ad hoc* a dhéanamh ar son an Commune os comhair comhlacht achomhairc i Réigiún na Vallúine (an Bheilg) i gcúrsaí cead pleanála.

⁹ Is éard is brí leis an bhfrása “comharthaí creidimh”, a úsáidtear go coitianta sa Bheilg, ná aon rud, íomhá, éadach nó siombail lena léirítear go gcloítear le creideamh polaitiúil, fealsúnachta nó reiligiúnach.

¹⁰ Luaítear san ordú tagartha go bhfuil riail neamhscríofa laistigh den riarachán bardasach, a nglactar léi go coitianta agus a chomhlíontar, faoinar staon a chuid fostaithe i gcónaí ó chomharthaí creidimh a chaitheamh agus a gníomhaíochtaí ceirde á bhfeidhmiú acu.

¹¹ Déanfar tagairt sa chuid eile den Tuairim seo don riail dá bhforáiltear amhlaidh sa leagan leasaithe d’Airteagal 9 de rialacháin oibre an Commune mar “an riail atá i gceist sna príomhimeachtaí”.

¹² Tá an ghníomhaíocht seo bunaithe ar an Dlí Ginearálta Frith-Idirdhealaithe agus ar Dhlí an 10 Bealtaine 2007 maidir le leithcheal idir mná agus fir a chomhrac (*Moniteur belge* an 30 Bealtaine 2007, lch. 29031).

cosc ar aon chomhartha creideamh atá “feiceálach, fiú taibhseach” a chaitheamh, amhail an caifirín Ioslamach, is léir mar sin féin ó roinnt grianghraf a thaispeáin OP gur glacadh le caitheamh comharthaí creidimh discréideacha. De réir na cúirte sin, níl bonn cirt leis an idirdhealúchán díreach sin de bharr ceanglais cheirde riachtanacha agus chinnteachta, ós rud é go dtugann OP faoina feidhmeanna den chuid is mó gan bheith i dteagmháil le húsáideoirí na seirbhíse poiblí. Ní fhéadfaí bonn cirt oibiachtúil a thabhairt leis ach an oiread mar gheall ar aidhm dhlísteanach a bhfuil a modhanna cur chun feidhme iomchuí agus riachtanach.

26. Maidir leis an riail atá i gceist sna príomhimeachtaí, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire go bhfuil “raon feidhme comhchoiteann” aici, go dtagraíonn sí d’aon chomhartha creidimh feiceálach agus, agus í á glacadh aige, gur roghnaigh an Commune “an neodracht eisiach”¹³. Measann an chúirt sin nach ionann an riail sin agus idirdhealú díreach bunaithe ar reiligiún nó creidimh ach, de réir cosúlachta, idirdhealú indéach bunaithe ar na critéir sin, ag tabhairt dá haire go háirithe, mura meastar gur “prionsabal riachtanach agus soiléir den smacht reachta [sa Bheilg] í an neodracht eisiach agus nach mór do chách í a urramú go docht”, nach cosúil go bhfuil údar maith leis an idirdhealúchán atá ann mar gheall ar aidhm dhlísteanach, ós rud é go dtugann OP faoina feidhmeanna den chuid is mó gan bheith i dteagmháil le húsáideoirí na seirbhíse poiblí. Ina theannta sin, is cosúil go gcleachtann an Commune neodracht ar bhonn “geoiméadracht athraitheach”, i.e. neodracht eisiach maidir le OP agus neodracht níos cuimsithí maidir lena comhghleacaithe ag a bhfuil creidimh fealsúnachta nó reiligiúnacha eile. Dá bhrí sin, ceadaíonn an chúirt a rinne an tarchur go sealadach do OP comhartha creidimh infheicthe a chaitheamh, ach amháin i gcás ina mbíonn sí i dteagmháil le húsáideoirí na seirbhíse poiblí nó ina bhfeidhmíonn sí feidhmeanna ceannais.

27. Níl an chúirt a rinne an tarchur cinnte an aidhm dhlísteanach í neodracht “eisiach agus absalóideach” a fhorchur ar gach fostaí seirbhíse poiblí, fiú orthu siúd nach bhfuil aon teagmháil dhíreach acu le húsáideoirí na seirbhíse poiblí, ná an bhfuil na modhanna a úsáidtear chun an cuspóir sin a bhaint amach, eadhon an cosc ar aon chomhartha creidimh a chaitheamh, iomchuí agus riachtanach.

28. Sna himthosca sin, chinn an tribunal du travail de Liège (an Chúirt Oibreachais, Liège, an Bheilg) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

- “ 1) An féidir Airteagal 2(2)(a) agus (b) de Threoir [2000/78] a léirmhíniú sa chaoi go n-údaraitear leis do riarachán poiblí timpeallacht riaracháin atá go hiomlán neodrach a eagrú agus mar sin cosc a chur ar gach ball foirne [comharthaí] creidimh a chaitheamh, bídis i dteagmháil dhíreach leis an bpobal nó ná bíodh?
- 2) An féidir Airteagal 2(2)(a) agus (b) de Threoir [2000/78] a léirmhíniú sa chaoi go n-údaraitear do riarachán poiblí timpeallacht riaracháin atá go hiomlán neodrach a eagrú agus mar sin cosc a chur ar gach ball foirne [comharthaí] reiligiúnacha a chaitheamh, bídis i dteagmháil dhíreach leis an bpobal nó ná bíodh, fiú más cosúil go bhfuil tionchar ag an [toirmeasc] neodrach sin ar mhná den chuid is mó, agus go bhféadfadh mar sin gur idirdhealú faoi cheilt ar an bhforas inscne atá ann?”

¹³ Maidir leis an leithcheal idir neodracht eisiach agus cuimsitheach, féach mír 66 na Tuairime seo.

29. Thíolaic OP, an Commune, Rialtais na Beilge, na Fraince agus na Sualainne agus an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn. An 31 Eanáir 2023, tionóladh éisteacht inar ghlac OP, an Commune, Rialtas na Fraince agus an Coimisiún páirt agus inar éisteadh argóintí ó bhéal na bpáirtithe sin agus a bhfreagraí ar na ceisteanna a chuir an Chúirt orthu.

Anailís

30. Scrúdóidh mé ar dtús an dara ceist a tarchuireadh, a bhfuil a hinghlacthacht faoi dhíospóid ag Rialtas na Fraince agus a bhfuil a hábharthacht faoi dhíospóid ag formhór na bpáirtithe sna himeachtaí.

An dara ceist

31. Leis an dara ceist, féachann an chúirt a rinne an tarchur lena fháil amach, go bunúsach, an bhféadfar a mheas go bhfuil an riail atá i gceist sna príomhimeachtaí ag luí le hAirteagal 2(2)(a) agus (b) de Threoir 2000/78 sa mhéid agus is cosúil go bhfuil tionchar níos mó ag an gcosc dá bhforáiltear ansin ar mhná ná fir agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé gurb ionann é agus idirdhealú indíreach bunaithe ar inscne.

32. De réir an chásdlí socair, is ionstraim comhair idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta é an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE, trína dtugann an Chúirt Bhreithiúnais treoir do na cúirteanna náisiúnta sin maidir le léirmhíniú dhlí an Aontais a theastaíonn uathu chun an cás a réiteach a iarrtar orthu a chinneadh¹⁴.

33. Mar gheall ar an ngá atá le teacht ar léirmhíniú ar dhlí an Aontais atá úsáideach don chúirt náisiúnta, ceanglaítear ar an gcúirt sin comhthéacs fíorasach agus reachtach na gceisteanna atá á gcur aici a shainiú nó, ar a laghad, míniú a thabhairt ar na himthosca fíorasacha ar a bhfuil na ceisteanna sin bunaithe. Ní thugtar de chumhacht don Chúirt ach rialú a dhéanamh ar léirmhíniú téacs AE ar bhonn na bhfíoras a chuir an chúirt náisiúnta in iúl di¹⁵.

34. Ina theannta sin, leagann an Chúirt béim ar a thábhachtaí atá sé go léireodh an chúirt náisiúnta na cúiseanna beachta a thug uirthi léirmhíniú dhlí an Aontais a cheistiú agus a mheas gur gá ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú. Is fíor-riachtanach é go dtabharfadh an chúirt náisiúnta, san ordú tagartha féin, míniú éigin ar a laghad maidir leis na cúiseanna a bhaineann le rogha na bhforálacha de dhlí an Aontais a bhfuil léirmhíniú á lorg ina leith agus ar an nasc arna chruthú aici idir na forálacha sin agus an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme sna himeachtaí os a comhair¹⁶.

35. Sa chás seo, tá mé den tuairim chéanna atá ag Rialtas na Fraince nach gcomhlíonann an t-ordú tagartha na ceanglais sin, maidir leis an dara ceist, agus mar thoradh air sin nach bhfuil an cheist sin inghlactha.

36. Ar an gcéad dul síos, níl aon fhianaise san ord tagartha lena bhféadfaí a mheas go bhfuil ann, sa chás seo, d'aon idirdhealú indíreach bunaithe ar inscne.

¹⁴ Breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija* (C-184/20, EU:C:2022:601, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

¹⁵ Breithiúnas an 2 Márta 2023, *Bursa Română de Mărfuri* (C-394/21, EU:C:2023:146, mír 60 agus an cásdlí dá dtagraítear).

¹⁶ Breithiúnas an 9 Meán Fómhair 2021, *Toplofikatsia Sofia agus páirtithe eile* (C-208/20 agus C-256/20, EU:C:2021:719, mír 19).

37. Ar an dara dul síos, ní thugann an chúirt a rinne an tarchur mínithe ar na cúiseanna a thug uirthi léirmhíniú fhorálacha dhlí AE dá dtagraíonn sí i ndáil leis an dara ceist a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú agus maidir leis an nasc a chruthaíonn sí idir na forálacha sin agus an díospóid a bhí os a comhair, maidir le hidirdhealú den sórt sin. Is léir ón ord tagartha gur bhraith sí amháin ina leith sin ar argóintí áirithe a chuir OP chun cinn, gan iad a shonrú a thuilleadh. Ní ceart dlí é an córas a bhunaítear le hAirteagal 267 CFAE atá oscailte do na páirtithe i ndíospóid atá ar feitheamh os comhair cúirt náisiúnta, agus ní leor go n-áitíonn páirtí go n-ardaíonn an díospóid ceist maidir le léirmhíniú dhlí an Aontais chun ceanglas a chur ar an gcúirt lena mbaineann a mheas go n-ardaítear ceist den sórt sin de réir bhrí an Airteagail sin¹⁷.

38. In aon chás, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a thugann na páirtithe uile sna himeachtaí, cé is moite den Commune, faoi deara ina mbarúlacha i scríbhinn, nach dtagann idirdhealú bunaithe ar inscne faoi raon feidhme Threoir 2000/78, an t-aon ghníomh dlí de chuid an Aontais dá dtagraítear sa dara ceist a tarchuireadh. Dá réir sin, ní gá scrúdú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil ann d'idirdhealú den sórt sin sa chás seo¹⁸.

39. I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, molaim gur cheart don Chúirt a mheas go bhfuil an dara ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú do-ghlactha agus, in aon chás, nach gá í a scrúdú.

An céad cheist

Réamhbharúlacha

40. Lena céad cheist, fiosraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcruthaítear leis an riail atá i gceist sna príomhimeachtaí idirdhealú díreach nó indíreach bunaithe ar reiligiún nó creidimh atá contrártha d'Airteagal 2(2)(a) agus (b) de Threoir 2000/78. De réir mar a fhoirmítear é, baineann an cosc a leagtar síos leis an riail seo ar chomharthaí creidimh a chaitheamh ag an obair go ginearálta agus go habsalóideach le fostaithe an Commune, eadhon beag beann ar chineál a ndualgas (feidhmeanna ceannasaíochta nó ag leanúint treoracha amháin) agus na coinníollacha a bhaineann le feidhmiú na ndualgas sin (an bhfuil ann do theagmháil dhíreach leis an bpobal nó nach bhfuil). Ba cheart a thabhairt faoi deara nach n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na rialach sin, a bhfuil feidhm ghinearálta aici, leis na forálacha thuasluaite de Threoir 2000/78 trí dhealú a dhéanamh ar bhonn na gcásanna sin. Is é an rud is mian léi a fháil amach ná an féidir an Treoir sin a léirmhíniú sa chaoi go n-údaráítear d'eintiteas poiblí “timpeallacht riaracháin atá go hiomlán neodrach” a eagrú agus, dá bhrí sin, cosc a chur ar “gach ball foirne [...] bídis i dteagmháil dhíreach leis an bpobal nó ná bíodh” comharthaí den sórt sin a chaitheamh.

41. Ina theannta sin, feictear dom go mbeadh sé úsáideach gnéithe áirithe a thabhairt chun cuimhne, ar gnéithe iad a bhféadfaí a mheas go bhfuarthas iad faoin gcásdlí agus atá ábhartha chun críocha an cháis seo.

42. Ar dtús, is léir go dtagann an riail atá i gceist sna príomhimeachtaí faoi raon feidhme Threoir 2000/78. De pháirt, mar is léir ó Airteagal 3(1) de, tá feidhm ag an Treoir sin maidir leis an earnáil phoiblí agus leis an earnáil phríobháideach araon. Den pháirt eile, ní mór a mheas go dtagann riail

¹⁷ Ordú an 3 Iúil 2014, *Talasca* (C-19/14, EU:C:2014:2049, mír 22).

¹⁸ Breithiúnas *WABE agus MH Müller Handel*, mír 58..

lena gcuirtear cosc ar chomharthaí infheicthe creidimh a chaitheamh, go háirithe creideamh fealsúnachta nó reiligiúnach, le linn gníomhaíochtaí gairmiúla faoi raon feidhme “coinníollacha fostaíochta agus oibre” de réir bhrí fhomhír (c) den fhoráil sin.

43. Ina dhiaidh sin, tá coincheap an “reiligiúin” in Airteagal 1 de Threoir 2000/78 le léirmhíniú mar choincheap a chlúdaíonn an *forum internum*, eadhon creideamh a shealbhú, agus an *forum externum*, eadhon léiriú poiblí an chreidimh reiligiúnaigh¹⁹. Is ionann do bhean an caifirín Ioslamach a chaitheamh agus a léiriú gur duine den reiligiún Moslamach í. Sa chás seo, is léir ó na fíricí atá leagtha amach ag an gcúirt a rinne an tarchur gurb é sin go beacht cás OP, agus níl aon amhras faoi dháiríreacht a creidimh.

44. Ar deireadh, ba cheart a mheabhrú nach mbunaítear le Treoir 2000/78 ach creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fostaíocht agus sa tslí bheatha, rud a fhágann discréd do na Ballstáit, i bhfianaise na héagsúlachta atá ina gcur chuige maidir leis an áit atá ag reiligiún nó creidimh ina gcóras féin. Dá bhrí sin, is féidir comhthéacs sonrach gach Ballstáit a chur san áireamh agus discréd a cheadú do gach ceann acu chun an réiteach is gá a bhaint amach idir na cearta agus na leasanna éagsúla lena mbaineann, chun cothromaíocht chóir a áirithiú eatarthu²⁰.

45. I gcomhréir leis na cúinsí a leagtar amach sa mhír roimhe seo, tá mé den tuairim chéanna le Rialtas na Fraince go bhfuil an discréd sin níos fairsinge i gcás ina bhfuil prionsabail a d'fhéadfadh baint a bheith acu le féiniúlacht náisiúnta na mBallstát de réir bhrí Airteagal 4(2) CAE i gceist²¹. Faoin bhforáil sin, ní mór don Aontas Eorpach féiniúlacht náisiúnta a Bhallstát, ar cuid dhílis dá struchtúir bhunúsacha idir pholaitiúil agus bhunreachtúil iad, a urramú, agus is féidir sin a thuiscint, de réir an Abhcóide Ghinearálta Kokott, mar oibleagáid chun iolracht na dtuiscintí a urramú agus, dá bhrí sin, na ndifríochtaí a bhaineann le gach Ballstát²². Mar an gcéanna leis an Abhcóide Ginearálta Emiliou²³, measaim nach faoin Aontas Eorpach atá sé na heilimintí atá ina gcroílár den fhéiniúlacht náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 4(2) CAE a chinneadh le haghaidh gach Ballstáit. Tá discréd leathan ag na Ballstáit ina leith sin, ach níl sé sin gan teorainn²⁴. Ina theannta sin, ní mór an tuiscint den fhéiniúlacht náisiúnta ar a bhfuil Ballstát ag brath a bheith comhsheasmhach le, *inter alia*, luachanna bunaidh an Aontais Eorpaigh (Airteagal 2 CAE)²⁵.

46. I ndáil leis sin, gan dochar, ag an bpointe seo, don cheist an amhlaidh atá sa chás seo, aontaím freisin le Rialtas na Fraince nuair a chuireann sé chun cinn go bhféadfadh srianta ar shaoirse fostaíthe san earnáil phoiblí a gcreidimh pholaitiúla, fealsúnachta nó reiligiúnacha a léiriú agus iad i mbun a ndualgas a bheith chomh tábhachtach sin i mBallstáit áirithe gur cuid í den fhéiniúlacht náisiúnta atá ina cuid dhílis dá struchtúir bhunúsacha pholaitiúla agus bhunreachtúla.

¹⁹ Breithiúnas *WABE agus MH Müller Handel*, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear.

²⁰ Breithiúnas in *S.C.R.L.*, míreanna 48 go 50 agus an cásdlí dá dtagraítear.

²¹ Féach, chuige sin, breithiúnas an 7 Meán Fómhair 2022, *Cilevičs agus páirtithe eile* (C-391/20, EU:C:2022:638, mír 83 agus an cásdlí dá dtagraítear).

²² Tuairim ón Abhcóide Ginearálta Kokott sa Chás *Stolichna obshtina, rayon “Pancharevo”* (C-490/20, EU:C:2021:296, mír 71).

²³ Tuairim ón Abhcóide Ginearálta Emiliou sa Chás *Cilevičs agus páirtithe eile* (C-391/20, EU:C:2022:166, mír 86).

²⁴ *Idem*.

²⁵ Tuairim ón Abhcóide Ginearálta Kokott sa Chás *Stolichna obshtina, rayon “Pancharevo”* (C-490/20, EU:C:2021:296, mír 73), agus Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Emiliou in *Cilevičs agus páirtithe eile* (C-391/20, EU:C:2022:166, mír 87).

47. Sa chomhthéacs céanna, feictear dom freisin go bhfuil sé úsáideach a thabhairt faoi deara go gceadaíonn an fhéiniúlacht náisiúnta, *inter alia*, “tionchar dhlí an Aontais a theorannú i réimsí a mheastar a bheith riachtanach do na Ballstáit”²⁶ agus, dá bhrí sin, nach mór d’institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh í a chur san áireamh go cuí agus dlí an Aontais á léirmhíniú agus á chur i bhfeidhm acu²⁷.

48. Déanfaidh mé mo fhreagra ar an gcéad cheist a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú a struchtúrú mar a leanas. Ar dtús, scrúdóidh mé an féidir leis an rialail atá i gceist sna príomhimeachtaí a bheith ina rialail lena ndéantar idirdhealú díreach bunaithe ar reiligiún nó creidimh. Ina dhiadh sin, déanfaidh mé anailís i dtaobh an bhféadfadh an rialail sin idirdhealú indíreach bunaithe ar na critéir céanna a chruthú. Ar deireadh, cé nár luadh an ghné seo go sainráite san ord tagartha, breithneoidh mé an fhéidearthacht maoluithe áirithe ar an gcosc ar idirdhealuithe den sórt sin a leagtar síos i dTreoir 2000/78 a chur i bhfeidhm sa chás seo.

Idirdhealú díreach a bheith ann

49. Tá an chúirt a rinne an tarchur, a thagraíonn don bhreithiúnas in *G4S Secure Solutions*, den tuairim nach ionann an rialail atá i gceist sna príomhimeachtaí agus idirdhealú díreach bunaithe ar reiligiún nó creidimh. Mar sin féin, iarrann sí ar an gCúirt rialú a dhéanamh ar an bpointe sin.

50. Sa chás ba chúis leis an mbreithiúnas sin, fiafraíodh den Chúirt an ionann rialail inmheánach gnóthais phríobháidigh a chuireann cosc go ginearálta ar aon chomhartha polaitiúil, fealsúnachta nó reiligiúnach a chaitheamh go hinfheicthe san ionad oibre agus idirdhealú díreach bunaithe ar reiligiún nó creidimh de réir bhrí Airteagal 2(2)(a) de Threoir 2000/78²⁸. Sa bhreithiúnas sin, chinn an Chúirt nach mbunaíonn rialail den sórt sin idirdhealú den sórt sin ar an gcoinníoll go gcumhdaíonn sí, gan dealú, aon léiriú ar na creidimh sin agus go gcaitear le fostaithe uile an ghnóthais ar an modh céanna, trína ceangal orthu, ar bhealach ginearálta agus neamh-idirdhealaitheach, *inter alia*, éide neodrach a chaitheamh, agus lena gcuirtear bac ar chaitheamh comharthaí den sórt sin²⁹.

51. Dheimhnigh an Chúirt an cur chuige sin sa Chás *WABE agus MH Müller Handel* agus sa Chás *S.C.R.L.*, ag cur leis, ar an gcoinníoll gur dócha go mbeidh reiligiún nó creidimh reiligiúnacha, fealsúnachta nó spioradálta ag gach duine, nach gcruthaíonn rialail den sórt sin, ar choinníoll go gcuirtear i bhfeidhm í go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach, difríocht i gcóireáil bunaithe ar chritéar a bhfuil dlúthnasc aige le reiligiún nó le creidimh³⁰. Sa bhreithiúnas in *WABE agus MH Müller Handel*, thug an Chúirt faoi deara freisin nach bhfuil amhras ann i leith na gconclúidí sin mar gheall go gcomhlíonann fostaithe áirithe foirceadail reiligiúnacha lena

²⁶ Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Kokott sa Chás *Stolichna obshtina, rayon “Pancharevo”* (C-490/20, EU:C:2021:296, mír 86).

²⁷ Féach, chuige sin, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Kokott sa Chás *G4S Secure Solutions* (C-157/15, EU:C:2016:382, mír 32), agus Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Emiliou sa Chás *Cilevičs agus páirtithe eile* (C-391/20, EU:C:2022:166, mír 83). Féach freisin, de réir analaí, breithiúnas an 15 Iúil 2021, *Ministrstvo za obrambo* (C-742/19, EU:C:2021:597, míreanna 43 go 45).

²⁸ Sa chás sin, bhí an t-iarratasóir, Moslamach, curtha as a post ag an gcuideachta phríobháideach a d’fhostaigh í ar an bhforas gur dhiúltaigh sí gan an caifirín Ioslamach a chaitheamh le linn na n-uaireanta oibre, agus neamhaird aici ar fhoráil de rialacháin inmheánacha na cuideachta ar dá réir “tá cosc ar fhostaithe comharthaí infheicthe dá gcreidimh pholaitiúla, fealsúnachta nó reiligiúnacha a chaitheamh san ionad oibre nó aon ghnás a eascraíonn as sin a dhéanamh”.

²⁹ Breithiúnas in *G4S Secure Solutions*, míreanna 30 agus 32.

³⁰ Breithiúnas in *WABE agus MH Müller Handel*, mír 52, agus an breithiúnas in *S.C.R.L.*, míreanna 33 agus 34. Bhain an chéad cheann de na breithiúnais sin, *inter alia*, le teoracha d’fhostaithe ó ghnóthas a bhí ag oibriú naíolanna, faoinar cuireadh cosc ar fhostaithe aonchomhartha maidir lena gcreidimh pholaitiúla, fealsúnachta nó reiligiúnacha, a d’fhéadfadh tuismitheoirí, leanaí agus tríú páirtithe a fheiceáil a chaitheamh ag a n-ionad oibre. Bhain an dara ceann le foráil i rialacháin oibre cuideachta príobháidí lena gcuirtear cosc ar fhostaithe a gcreidimh reiligiúnacha, fealsúnachta nó pholaitiúla a chur in iúl, is cuma cad iad, i bhfocail, lena n-éide nó ar bhealach ar bith eile.

gceanglaítear go gcaithfear éide ar leith. Dar leis an gCúirt, cé go bhfuil sé fíor go bhféadfadh riail inmheánach lena bhforchuirtear éide neodrach míchaoithiúlacht a chur ar na hoibrithe sin, níl tionchar dá laghad aige sin ar an gcinneadh nach gcruthaíonn an riail sin i bprionsabal difríocht sa chóireáil idir oibrithe atá bunaithe ar chritéar a bhfuil dlúthnasc aige le reiligiún nó le creidimh.³¹

52. Cosúil leis an Commune agus Rialtas na Fraince, aontaím go hiomlán leis an gcur chuige a ghlac an Chúirt sna breithiúnais sin agus ní fheicim aon chúis imeacht uaidh sa chás seo, cás a bhaineann, mar a dúradh cheana, leis an earnáil phoiblí agus ní leis an earnáil phríobháideach.

53. Dá bhrí sin, ós rud é go dtagraíonn an riail inmheánach atá i gceist sna príomhimeachtaí, gan dealú, d'aon léiriú ar chreidimh, go háirithe creidimh reiligiúnacha, ní mór a mheas go gcaitear le fostaithe uile an Commune ar an mbealach céanna, trína ceangal orthu, ar bhealach ginearálta agus neamh-idirdhealaitheach, *inter alia*, éide neodrach a chaitheamh, agus lena gcuirtear bac ar chaitheamh comharthaí den sórt sin. Dá bhrí sin, ní chruthaítear le riail den sórt sin idirdhealú díreach bunaithe ar reiligiún nó creidimh de réir bhrí Airteagal 2(2)(a) de Threoir 2000/78.

54. Mar sin féin, chaithfí a chinneadh gur idirdhealú den sórt sin a bheadh ann dá mbainfí as an riail atá i gceist sna príomhimeachtaí nach raibh inti ach tagairt amháin do chaitheamh comharthaí creidimh, go háirithe creidimh fealsúnachta nó reiligiúnacha, atá taibhseach agus mór, a d'fhéadfaí, dar liomsa, an caifirín Ioslamach a áireamh ina measc. Mar a chinn an Chúirt cheana féin, d'fhéadfadh riail inmheánach gnóthais nach gcoisceann ach caitheamh comharthaí taibhseacha den sórt sin a bheith ina idirdhealú díreach, de réir bhrí Airteagal 2(2)(a) de Threoir 2000/78, i gcásanna ina bhfuil dlúthbhaint ag an gcritéar sin le reiligiún nó creidimh ar leith amháin nó níos mó³². Leis an riail atá i gceist sna príomhimeachtaí, tagraítear d'aon chomhartha “feiceálach”, cáilitheoir a chaith an chúirt a rinne an tarchur leis mar an gcéanna leis an gcáilitheoir “infheicthe”, agus an ceart aici dar liom féin, agus, dá bhrí sin, ní cosúil go bhfuil an riail teoranta do chomharthaí atá taibhseach agus mór, ar ceist í sin nach mór don chúirt náisiúnta sin a fhíorú.

55. Is faoin gcúirt a rinne an tarchur freisin atá sé a fhíorú an gcuireann an Commune an riail atá i gceist sna príomhimeachtaí i bhfeidhm i ndáiríre ar bhealach ginearálta agus neamh-idirdhealaitheach agus, go háirithe, an gcaitheann sé le OP ar an mbealach céanna le haon fhostaí eile a léiríonn a reiligiún nó a chreidimh fealsúnachta nó reiligiúnacha trí chomharthaí infheicthe creidimh a chaitheamh. Tugaim faoi deara, san ord tagartha, go dtugann an chúirt sin dá haire go gcleachtann an Commune “neodracht ar bhonn geoiméadracht athraitheach sa spás agus san am: neodracht eisiach maidir le OP agus neodracht nach bhfuil chomh heisiach, nó atá níos cuimsithí, dá comhghleacaithe de chreidimh eile”, agus gur chuir an Commune sin, ina leith sin, “dóthain fianaise” ar fáil. Ina gcuid barúlacha i scríbhinn, áitíonn OP agus Rialtas na Sualainne go bhfuil forais ann, dá bhrí sin, chun a chinneadh go bhfuil ann d'idirdhealú díreach sa chás seo.

56. I bhfianaise na mbreithnithe sin, molaim gur cheart don Chúirt, mar chéad chéim, an chéad cheist a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú a fhreagairt sa chiall nach mór Airteagal 2(2)(a) de Threoir 2000/78 a léirmhíniú sa chiall nach ionann foráil sna rialacháin oibre d'eintiteas poiblí lena gcuirtear cosc ar fhostaithe, d'fhonn timpeallacht riaracháin atá go hiomlán neodrach a eagrú, aon chomhartha infheicthe de chreidimh pholaitiúla, fealsúnachta nó reiligiúnacha san ionad oibre a chaitheamh agus, ag tabhairt aird ar fhostaithe ar mian leo a saoirse reiligiúin agus

³¹ Breithiúnas in *WABE agus MH Müller Handel*, mír 53.

³² Féach an breithiúnas in *WABE agus MH Müller Handel*, míreanna 72 agus 73, agus an breithiúnas in *S.C.R.L.*, mír 31.

coinsiasa a fheidhmiú trí chomhartha nó éide de chiall reiligiúnach a chaitheamh go hinfheicthe, agus idirdhealú díreach bunaithe ar reiligiún nó creidimh de réir bhrí na Treorach, ar an gcoinníoll go gcuirtear an fhoráil sin i bhfeidhm go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach.

Idirdhealú indíreach a bheith ann

57. Measann an chúirt a rinne an tarchur go gcruthaíonn an riail atá i gceist sna príomhimeachtaí idirdhealú indíreach bunaithe ar reiligiún nó creidimh.

58. Is cásdlí socair é go bhféadfadh riail inmheánach amhail an riail atá i gceist sna príomhimeachtaí a bheith ina difríocht cóireála go hindíreach bunaithe ar reiligiún nó creidimh, de réir bhrí Airteagal 2(2)(b) de Threoir 2000/78, má shuigtear go n-éiríonn leis an oibleagáid inti, atá neodrach de réir dealraimh, míbhuntáiste ar leith a chruthú do dhaoine atá ag cloí le reiligiún nó creidimh ar leith³³.

59. I mo thuairim, agus mar a d'áitigh Rialtas na Sualainne agus an Coimisiún, cé go bhfuil an riail atá i gceist sna príomhimeachtaí neodrach de réir dealraimh, ní féidir a chur as an áireamh, go praiticiúil, go dtéann sé i bhfeidhm go háirithe ar fhostaithe de chuid an Commune a chomhlíonann foirceadail reiligiúnacha lena gceanglaítear orthu éide ar leith a chaitheamh, go háirithe fostaithe ban a chaitheann caifirín mar gheall ar a gcreideamh Moslamach. Maidir leis sin, aontaím leis an mbarúil a thug an tAbhcóide Ginearálta Sharpston ina Tuairim sa Chás *Bouagnaoui agus ADDH*, “[más] mian leis na fostaithe sin fanacht dílis dá gcreidimh reiligiúnacha, [...] níl aon rogha eile acu ach an riail a bhriseadh agus na hiarmhairtí a fhulaingt”³⁴. Ar deireadh thiar thall, áfach, is faoin gcúirt a rinne an tarchur an pointe sin a fhíorú i bhfianaise na bhfíricí atá os a comhair³⁵.

60. I gcomhréir le hAirteagal 2(2)(b)(i) de Threoir 2000/78, ní idirdhealú indíreach, de réir bhrí Airteagal 2(2)(b) den Treoir sin, difríocht den sórt sin sa chóireáil, áfach, dá mbeadh údar oibiachtúil leis sin mar gheall ar aidhm dhlísteach agus dá mba iomchuí agus riachtanach na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach. Ní mór na coinníollacha seo a léirmhíniú go docht³⁶.

61. Arís eile, is faoin gcúirt a rinne an tarchur é a chinneadh an gcomhlíonann an riail atá i gceist sna príomhimeachtaí na coinníollacha sin agus a mhéid a chomhlíonann sí iad³⁷. Mar sin féin, tá dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais, a iarradh uirthi freagra a thabhairt don chúirt náisiúnta sin a bheidh úsáideach chun a chumasú di breithiúnas a thabhairt, treoir a thabhairt di atá bunaithe ar na doiciméid agus na barúlacha i scríbhinn atá os a comhair³⁸. Sin a thabharfaidh mé faoi anseo thíos.

³³ Breithiúnas in *S.C.R.L.*, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear.

³⁴ Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Sharpston sa Chás *Bouagnaoui agus ADDH* (C-188/15, EU:C:2016:553, mír 110).

³⁵ Breithiúnas in *G4S Secure Solutions*, mír 34, agus an breithiúnas in *WABE agus MH Müller Handel*, mír 59.

³⁶ Féach, chuige sin, an breithiúnas in *WABE agus MH Müller Handel*, míreanna 61 agus 62.

³⁷ Breithiúnas in *G4S Secure Solutions*, mír 36.

³⁸ Breithiúnas an 2 Feabhra 2023, *Freikirche der Siebenten-Tags-Adventisten in Deutschland* (C-372/21, EU:C:2023:59, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).

– *Aidhm dhlisteanach a bheith ann*

62. Maidir leis an gcoinníoll a bhaineann le haidhm dhlisteanach a bheith ann³⁹, is léir ón ord tagartha agus ó na barúlacha i scríbhinn agus ó bhéal de chuid an Commune go bhfuil, dar leis, údar maith leis an gcosc ar chomharthaí de chreidimh pholaitiúla, fealsúnachta nó reiligiúnacha a chaitheamh a chuirtear ar a chuid fostaithe agus a ndualgas á gcomhlíonadh acu leis an bprionsabal maidir le neodracht an Stáit (nó na seirbhíse poiblí)⁴⁰ agus mar gheall ar a mhian “limistéar riaracháin atá neodrach ina iomláine” a eagrú⁴¹.

63. Cosúil leis an gcuid is mó de na páirtithe sna himeachtaí, measaim go bhféadfadh mian eintitis phoiblí, amhail an Commune, beartas neodracha polaitiúla, fealsúnachta nó reiligiúnaí a shaothrú a bheith, i dtéarmaí absalóideacha, ina haidhm dhlisteanach.

64. Is fíor, murab ionann agus an méid a chinn an Chúirt sna Breithiúnais *G4S Secure Solutions*, *WABE agus MH Müller Handel*, agus *S.C.R.L.*⁴², i gcás amhail an ceann seo, a bhaineann leis an earnáil phoiblí agus ní leis an earnáil phríobháideach, nach féidir le mian an fhostóra phoiblí beartas den sórt sin a shaothrú a bheith bainteach leis an tsaoirse chun gnó a sheoladh, a aithnítear in Airteagal 16 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh⁴³. Os a choinne sin, i mo thuairimse, d’fhéadfadh sé a bheith nasctha, ar bhonn níos ginearálta, leis an ngá atá ann cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint, rud a thugann le tuiscint, *inter alia*, urraim do chreidimh fealsúnachta nó reiligiúnacha uile na saoránach agus do chóireáil neamh-idirdhealaitheach agus chomhionann le húsáideoirí na seirbhíse poiblí. De réir mar a thugann Rialtas na Beilge faoi deara ina bharúlacha i scríbhinn, trí shliocht ó bhreithiúnas de chuid an Conseil d’État (Comhairle Stáit, an Bheilg) an 27 Márta 2013 a atáirgeadh, i Stát daonlathach arna rialú ag an smacht reachta, ní mór don údarás poiblí a bheith neodrach “toisc gurb é údarás de na saoránaigh uile agus thar ceann na saoránach uile agus ní mór dó, i bprionsabal, caitheamh mar an gcéanna leo, gan idirdhealú atá bunaithe ar a reiligiún, a gcreidimh nó a rogha do phobal nó do pháirtí”⁴⁴.

– *Údar oibiachtúil a bheith ann*

65. Is gá scrúdú a dhéanamh i dtaobh an bhféadfadh mian an fhostóra phoiblí, sa chás seo an Commune, beartas neodracha a shaothrú údar oibiachtúil a thabhairt le difríocht fhéideartha sa chóireáil atá bunaithe go hindíreach ar reiligiún nó creidimh. I ndáil leis sin, feictear dom go bhfuil

³⁹ Ní shainmhínítear an coincheap sin i dTreoir 2000/78 chun críocha Airteagal 2(2)(b)(i).

⁴⁰ Ina chuid barúlacha i scríbhinn agus ó bhéal, ardaíonn an Coimisiún prionsabal na neamhchlaontachta freisin. Ó thaobh na sanasaíochta de, léiríonn coincheap na “neodrachta” staid duine nó eintiteas a staonann ó roghnú agus a léiríonn féinsmacht, cé go dtugann an coincheap de “neamhchlaontacht” cinnteoireacht le tuiscint, ach gan aon rogha phearsanta a thaispeáint. Mar sin féin, ní chreidim, chun críocha an cháis seo, go gcaithfear dealú dian a dhéanamh idir an dá choincheap. Feictear dom go bhfuil dlúthnasc idir prionsabal na neodrachta, mar a ardaítear é sa chás seo, agus prionsabal na neamhchlaontachta, sa mhéid go mbeartaítear leis neamhchlaontacht an údarais phoiblí a ráthú.

⁴¹ Sna cúiseanna leis an leasú ar rialacháin oibre an Commune, luaitear an méid seo a leanas go háirithe: “Tá an prionsabal go gceanglaítear ar fhostaithe an riaracháin bardais staonadh óna gcreidimh idé-eolaíoch, reiligiúnacha agus fealsúnachta a léiriú, trí chomharthaí seachtracha mar pháirt [...] den mhian luach bunúsach neodracha na seirbhíse poiblí a dhearbhu agus, i measc na gcruthanna éagsúla a d’fhéadfadh a bheith ann ar phrionsabal na neodrachta, tá sé i gceist ag an údarás limistéar riaracháin atá neodrach ina iomláine a chur chun cinn agus a chuid seirbhísí á n-eagrú aige.”

⁴² Breithiúnas in *G4S Secure Solutions*, mír 38, breithiúnas in *WABE agus MH Müller Handel*, mír 63, agus breithiúnas in *S.C.R.L.*, mír 39.

⁴³ Mar a deir an tAbhcóide Ginearálta Kokott ina Tuairim sa Chás *G4S Secure Solutions* (C-157/15, EU:C:2016:382, mír 81), faoin tsaoirse sin, “féadfaidh an fiontraí, i bprionsabal, a chinneadh conas a dhéantar na cúraimí a thagann faoina ghníomhaíochtaí a eagrú agus a chur i gcrích, na coinníollacha leis sin agus an chaoi a gcuirtear a chuid earraí agus seirbhísí i láthair”.

⁴⁴ C.E., breithiúnas Uimh. 223.042 an 27 Márta 2013, mír VI.2.6.

cásdlí na Cúirte - a forbraíodh i ndáil leis an earnáil phríobháideach⁴⁵, ar dá réir nach féidir cineál oibiachtúil an údair den sórt sin a shainaithint ach amháin i gcás ina bhfuil fíorghá leis ar pháirt an fhostóra sin, agus is faoin bhfostóir sin é sin a léiriú - go hiomlán ábhartha sa chomhthéacs seo chomh maith.

66. Is léir ó bharúlacha i scríbhinn an Choimisiúin agus ó na díospóireachtaí le linn na héisteachta go bhfuil, sa Bheilg, tuiscintí éagsúla, fiú freasúracha, ar phrionsabail na neodrachta Stáit, eadhon, go bunúsach, “neodracht chuimsitheach”, “neodracht eisiach” agus tuiscintí idirmheánacha. Tá an tuiscint chuimsitheach den neodracht bunaithe ar an smaoineamh go gcaithfear an chuma atá ar an bhfostaí poiblí a scaradh ón mbealach ina gcuireann sé an tseirbhís phoiblí ar fáil. De réir na tuisceana sin, is í neodracht ghníomhartha an fhostaí, agus ní neodracht a chuma, atá tábhachtach, agus, dá bhrí sin, ní féidir cosc a chur air comharthaí creidimh a chaitheamh, go háirithe comharthaí creidimh fealsúnachta nó reiligiúnacha. Os a choinne sin, tá tuiscint eisiach na neodrachta bunaithe ar an mbonn go gcaithfidh gníomhartha an fhostaí phoiblí agus an chuma atá air a bheith neodrach go docht. De réir na tuisceana sin, ba cheart cosc a chur ar gach aon fhostaí poiblí comharthaí den sórt sin a thaispeáint ag an obair, beag beann ar an gcineál dualgas atá aige agus ar an gcomhthéacs ina dtugtar fúthu. Tá tuiscintí idirmheánacha den neodracht ann freisin, atá leathbhealach idir an dá choincheap a bhfuil cur síos déanta orthu thuas. Is éard atá i gceist leo, mar shampla, ná cosc den sórt sin a chur ar fhostaithe amháin a bhíonn i dteagmháil dhíreach leis an bpobal nó a fheidhmíonn feidhmeanna ceannasaíochta, agus nach leanann treoracha amháin.

67. Sa chás seo, mar a léiríonn an chúirt a rinne an tarchur go sainráite, roghnaigh an Commune, agus an riaiil atá i gceist sna príomhimeachtaí á glacadh aige, “neodracht eisiach” go deonach chun “limistéar riaracháin atá neodrach ina iomláine” a chruthú⁴⁶. Is léir ón ord tagartha, d’fhonn údar a thabhairt leis an gcuspóir sin, nach dtagraíonn an Commune ach do “riachtanas sóisialta sáraitheach”, agus nach ndéanann sé iarracht é sin a léiriú ach amháin trí dhearbhuithe gearra agus teibí⁴⁷.

68. I mo thuairim, ba cheart don chúirt a rinne an tarchur measúnú a dhéanamh ó dhá thaobh, atá malartach agus nach gá a bheith carnach, i dtaobh an léiríonn an Commune, ar a bhfuil an dualgas cruthúnais ina leith sin⁴⁸, don chaighdeán dlíthiúil riachtanach go gcomhfhreagraíonn a rogha tuiscint eisiach de phrionsabal neodracht an Stáit a ghlacadh d’fhíor-riachtanas.

69. Sa chéad áit, ba cheart an cheist seo a scrúdú ó thaobh an dlí de. I ndáil leis sin, ós rud é nach faoin gCúirt atá sé seasamh a ghlacadh maidir leis an dlí náisiúnta nó, *a fortiori*, eadráin a dhéanamh idir na léirmhínte éagsúla ar choincheap nó ar phrionsabal an dlí náisiúnta agus a chinneadh cé acu de na léirithe sin is ceart, ní dhéanfaidh mé trácht sna barúlacha thíos ach do chúinsí áirithe a thig ón gcomhad agus ó na hidirghabhálacha ag an éisteacht.

⁴⁵ Breithiúnas in *S.C.R.L.*, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear. I ndáil leis sin, ní féidir liom ach aontú le soiléiriú na Cúirte i mír 41 den bhreithiúnas sin, ar dá réir “tá an léiriú seo spreagtha ag an gcúram chun caoinfhulaingt agus meas a spreagadh mar phrionsabal, chomh maith le glacadh le leibhéal níos mó éagsúlachta agus chun mí-úsáid a sheachaint maidir le polasaí neodrachta a chruthú laistigh den chuideachta chun dochair d’oibríthe a chomhlíonann foirceadail reiligiúnacha lena gceanglaítear orthu éide ar leith a chaitheamh”.

⁴⁶ Féach fonóta 41 sa Tuairim seo.

⁴⁷ Dá bhrí sin, tagraíonn an Commune do “struchtúr an áitribh” a thugann le tuiscint go bhféadfadh fostaí teacht ar saoránach tráth ar bith agus maidir le “neodracht na cuma a fhorchuirtear ar gach fostaí, ní hamháin go bhfuil feidhm eiseamláireach léi maidir leis an dearcadh atá le glacadh i leith an phobail, ach freisin is ráthaíocht é maidir le feidhmiú cuí na seirbhíse agus bealach chun teannas idir fostaíthe a sheachaint”.

⁴⁸ Féach, i ndáil leis sin, Airteagal 10(1) de Threoir 2000/78, lena bhforáiltear mar a leanas: “Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá, i gcomhréir lena gcórais bhreithiúnacha, chun a áirithiú, i gcás ina measann duine go ndearnadh éagóir air mar gheall ar mhainneachtain prionsabal na córa combhionainne a chomhlíonadh agus ina suíonn sé, os comhair cúirte nó comhlachta inniúil eile, fórais óna bhféadfar a thiomhniú go ndearnadh idirdhealú díreach nó indíreach, gur faoin gcosantóir atá sé a chruthú nár sáraíodh prionsabal na córa combhionainne”.

70. Dá bhrí sin, tugaim faoi deara nár thagair aon cheann de na páirtithe sna himeachtaí d'aon reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear d'oibleagáid ar an Commune tuiscint eisiach den neodracht a ghlacadh agus, dá bhrí sin, cosc iomlán a chur ar a fhostaithe comharthaí creidimh a chaitheamh, go háirithe comharthaí de chreidimh fealsúnachta nó reiligiúnacha, agus iad ag comhlíonadh a ndualgas.

71. Dealraíonn sé freisin nach bhfuil an prionsabal maidir le neodracht an Stáit, fiú má ghlactar leis go ginearálta mar phrionsabal bunreachtúil, cumhdaithe mar phrionsabal den sórt sin i mBunrecht na Beilge, cé is moite de réimse an-sonrach an oideachais, agus, thar aon rud eile, nach sainítear a raon feidhme agus a scóip go soiléir agus go haonfhoirmeach i ndlíchóras na Beilge. Fágann sé sin go gcreidim nach gceanglaítear leis an bprionsabal seo ann féin go mbeadh cosc ar fhostaithe poiblí comharthaí creidimh a chaitheamh, lena n-áirítear comharthaí de chreidimh fealsúnachta nó reiligiúnacha, san ionad oibre, ná ní chuireann sé as an áireamh an fhéidearthacht go mbeadh a leithéid de chosc ann.

72. Mar thoradh ar an gcinneadh sin roimhe seo, measaim freisin nach bhfuil aon ról ar leith ag Airteagal 4(2) CAE sa chás seo, contrártha d'aighneachtaí Rialtas na Fraince. Toisc nach léir go bhfuil ann d'aon sainmhíniú bunreachtúil ar raon feidhme agus ábhar an phrionsabail maidir le neodracht an Stáit sa Bheilg, mar aon leis an bhfíric nár mheas Rialtas na Beilge gur ghá freagra ar an gcéad cheist a tarchuireadh a mholadh, arbh fhéidir leis a fhágáil faoin gCúirt, nó gur ghá páirt a ghlacadh san éisteacht, is cosúil go léiríonn sé sin nach dtagann an prionsabal sin, i ndáil leis an tuiscint eisiach air ar a laghad, faoi fhéiniúlacht náisiúnta Ríocht na Beilge, de réir bhrí na forála sin.

73. Sa dara háit, is gá a fháil amach an bhfuil bonn cirt le rogha an Commune tuiscint eisiach ar neodracht an Stáit a chur i bhfeidhm mar gheall ar ghnéithe fíorasacha. I ndáil leis sin, tugaim faoi deara go luann an Coimisiún ina bharúlacha i scríbhinn nach bhfuil an tuiscint sin roinnte ag bardais uile na Beilge, agus luaigh sé mar shamplaí cathracha Ghent (an Bheilg) agus Mechelen (an Bheilg) ina n-údaraithe, gan forchoimeádas, comharthaí creidimh a chaitheamh, go háirithe comharthaí de chreidimh fealsúnachta nó reiligiúnacha, d'fhoireann a riaracháin san ionad oibre, agus nár bhréagnaigh aon pháirtí an pointe seo ag an éisteacht. Ní féidir a chur as an áireamh nach féidir réiteach den sórt sin a chur i leith an Commune toisc, mar shampla, go bhféadfadh teannas tromchúiseach pobail nó fadhbanna tromchúiseacha sóisialta ar a chríoch nó, laistigh dá riarachán féin, gníomhartha iompúcháin nó baol nithiúil coinbhleachtaí idir fostaithe a bhfuil baint acu leis na creidimh sin a bheith ann. Maidir leis sin, déanaim arís gur faoin Commune atá sé fianaise nithiúil ar rudaí den sórt sin a thabhairt ar aird agus go dtabharfaidh an chúirt a rinne an tarchur breithiúnas ar a ábharthacht.

– *Oiriúnacht agus riachtanas na modhanna chun an aidhm dhlísteanaigh a chur chun feidhme*

74. Más rud é, i bhfianaise na dtáscairí a léiríodh sna míreanna roimhe seo den Tuairim seo, go gcinneann an chúirt a rinne an tarchur go bhféadfadh mian an Commune “limistéar riaracháin atá neodrach ina iomláine” a chur ar bun trí bheartas neodracha eisiaiche a shaothrú údar oibiachtúil a thabhairt le difríocht cóireála atá bunaithe go hindíreach ar reiligiún nó creidimh, bheadh uirthi fós a mheas an bhfuil an cosc a leagtar síos leis an riail atá i gceist sna príomhimeachtaí iomchuí agus riachtanach chun an aidhm sin a bhaint amach.

75. Maidir leis an gcéad cheann de na ceanglais sin, feictear domsa, dá mbeadh ar fhostaithe uile an Commune a ndualgais a chomhlíonadh gan comharthaí infheicthe creidimh a thaispeáint, go háirithe comharthaí de chreidimh fealsúnachta nó reiligiúnacha, chuideodh sin le cur i bhfeidhm

an bheartais neodrachta eisiaiche a roghnaigh an Coimisiún chun a shaothrú. Mar sin féin, tá sé fós le scrúdú an gcuirtear an beartas seo i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach córasach⁴⁹. Mar atá ráite agam cheana féin i mír 55 den Tuairim seo, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir leis sin. Dá mbeadh bunús maith leis an amhras sin, ní hamháin nach sásódh an riail atá i gceist sna príomhimeachtaí an ceanglas gur cheart go mbeadh na modhanna chun an aidhm dhlísteanaigh a chur chun feidhme iomchuí, ach gur idirdhealú díreach bunaithe ar reiligiún nó creidimh a bheadh inti freisin.

76. Maidir leis an dara ceanglas, is éard atá i gceist leis ná measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an cosc a leagtar síos leis an riail atá i gceist sna príomhimeachtaí teoranta don mhéid atá “fíor-riachtanach”⁵⁰. I ndáil leis sin, meabhraím go bhfuil feidhm ag an gcosc sin go ginearálta agus go habsalóideach, is é sin le rá, beag beann ar chineál na ndualgas a chomhlíonann an fostaí agus ar an gcomhthéacs ina dtarlaíonn na dualgais sin, agus go n-iarrtar ar an gCúirt measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht an choisc sin, arna breithniú ina hiomláine, le Treoir 2000/78⁵¹. Dá bhrí sin, ní mór don chúirt a rinne an tarchur an tástáil riachtanais a chur i bhfeidhm maidir leis an gcosc mar a ceapadh é. Chun críocha cleachtadh den sórt sin, d’fhéadfaí aird a thabhairt, agus cothromaíocht chóir á lorg idir na leasanna lena mbaineann, ar na cúinsí fíorasacha atá leagtha amach agam i mír 73 den Tuairim seo.

77. I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, molaim gur cheart don Chúirt, mar dara céim, an chéad cheist a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú a fhreagairt sa chiall nach mór Airteagal 2(2)(b) de Threoir 2000/78 a léirmhíniú sa chaoi gur féidir údar a thabhairt do dhifríocht cóireála atá bunaithe go hindíreach ar reiligiún nó creidimh agus a n-eascaíonn ó fhoráil de rialacháin oibre d’eintiteas poiblí lena gcuirtear cosc ar fhostaithe aon chomhartha infheicthe de chreidimh pholaitiúla, fealsúnachta nó reiligiúnacha a chaitheamh san ionad oibre mar gheall ar mhian an eintitis sin timpeallacht riaracháin atá go hiomlán neodrach a eagrú, ar choinníoll, ar an gcéad dul síos, go gcomhfhreagraíonn an mian sin d’fhíor-riachtanas de chuid an eintitis sin nach mór don eintiteas sin a léiriú, ar an dara dul síos, go bhfuil an difríocht sin sa chóireáil iomchuí chun cur i bhfeidhm cuí na méine sin a áirithiú, agus, ar an tríú dul síos, go mbeidh an cosc sin teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach.

Na féidearthachtaí maidir le maoluithe

78. Dá mba rud é gur thángthas ar an gconclúid gurb ionann an riail atá i gceist sna príomhimeachtaí agus idirchealú díreach nó indíreach bunaithe ar reiligiún nó creidimh, d’fhéadfaí éalú ón gcosc a leagtar síos le Treoir 2000/78 dá gcuirfí ceann de na maoluithe dá bhforáiltear ansin agus, go háirithe, na maoluithe dá dtagraítear in Airteagal 2(5) agus Airteagal 4(1) de.

79. Is fíor nach gcuireann an chúirt a rinne an tarchur ceist go sainráite ar an gCúirt maidir leis an dá mhaolú sin, ar maoluithe iad nach ndearraíonn sé, thairis sin, go raibh an Commune ag brath orthu. Mar sin féin, d’ardaigh OP agus Rialtas na Fraince an cheist maidir le cur i bhfeidhm na maoluithe sin ina mbarúlacha i scríbhinn, maidir le hAirteagal 4(1) de Threoir 2000/78, agus pléadh í ag an éisteacht, maidir le hAirteagal 2(5) den Treoir sin freisin. D’fhonn freagra iomlán a thabhairt don chúirt a rinne an tarchur, scrúdóidh mé thíos cur i bhfeidhm féideartha na bhforálacha sin sa chás seo.

⁴⁹ Breithiúnas in *WABE agus MH Müller Handel*, mír 68 agus an cásdlí dá dtagraítear.

⁵⁰ Breithiúnas in *WABE agus MH Müller Handel*, mír 68 agus an cásdlí dá dtagraítear.

⁵¹ Féach mír 40 den Tuairim seo.

– Airteagal 2(5) de Threoir 2000/78

80. Ní mór Airteagal 2(5) de Threoir 2000/78, lena mbunaítear maolú ar phrionsabal an choisc ar idirdhealú, a léirmhíniú go docht⁵².

81. Chinn an Chúirt nach bhfuil an coincheap i ndáil leis na “bearta dá bhforáiltear sa reachtaíocht náisiúnta”, de réir bhrí na forála sin, teoranta do bhearta a eascraíonn as gníomh a glacadh ag deireadh nós imeachta reachtaigh amháin, ach go n-áirítear ann freisin bearta a tugadh isteach ar bhonn rial chumasúcháin atá beacht go leor⁵³.

82. Sa chás seo, dá ndéanfaí a chinneadh go raibh difríocht sa chóireáil, bheadh an difríocht sin mar thoradh ar an gcosc a leagtar síos leis an rial atá i gceist sna príomhimeachtaí.

83. Mar a chuir an Coimisiún in iúl ag an éisteacht, áfach, is léir nach gníomh a eascraíonn as nós imeachta reachtach í an rial sin, eadhon dlí sa chiall fhoirmiúil.

84. Ina theannta sin, cé gur faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé an pointe seo a chinneadh sa deireadh, ní léir ach an oiread, *prima facie*, gur féidir a mheas gur tugadh isteach an cosc atá i gceist “ar bhonn rial chumasúcháin atá beacht go leor” de réir bhrí an chásdlí a luaitear i mír 81 den Tuairim seo. I ndáil leis sin, tugaim faoi deara nach raibh aon cheann de na páirtithe sna himeachtaí in ann aon reachtaíocht nó rialachán náisiúnta a shainaithint a d’fhéadfaí a mheas mar ní lena gcumasaítear d’eintiteas poiblí amhail an Commune chun rialacha a ghlacadh “atá riachtanach, i sochaí dhaonlathach, [...] chun cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint”. Cé, mar a bhí an Commune ag brath air ag an éisteacht, go bhfuil sé de chumhacht aige, faoi Bhunreacht na Beilge, aon cheist leasa phobail a shocrú, faoi réir idirghabháil an údaráis maoirseachta, i mo thuairimse, ní hionann sin agus cumhachtú den sórt sin.

85. Dá bhrí sin, faoi réir na bhfíoruithe atá le déanamh ag an gcúirt a rinne an tarchur, bheadh claonadh agam a chinneadh nach bhfuil an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 2(5) de Threoir 2000/78 infheidhme sa chás seo.

– Airteagal 4(1) de Threoir 2000/78

86. De réir Rialtas na Fraince, d’fhéadfadh údar a bheith leis an rial atá i gceist sna príomhimeachtaí ar bhonn Airteagal 4(1) de Threoir 2000/78. Tá fostaithe na hearnála poiblí faoi cheangal, mar gheall ar chineál a ngníomhaíochtaí gairmiúla, ag oibleagáid dhian neodrachta as a leanann an ceanglas ceirde riachtanach agus cinntitheach a bhaineann le cosc a chur ar léiriú a greideamh polaitiúil, idé-eolaíoch, fealsúnachta nó reiligiúnach.

87. Cuireann OP in aghaidh an léirmhínithe sin, ag áitiú, go bunúsach, nach mór, chun críocha an fhoráil sin a chur i bhfeidhm, aird a thabhairt ar chineál agus coinníollacha na ngníomhaíochtaí gairmiúla lena mbaineann. Sa chás seo, is éard atá ina ngníomhaíochtaí ná déileáil le saincheisteanna dlí a bhaineann le conarthaí poiblí an Commune agus déanann sí iad gan bheith i dteagmháil leis an bpobal. Dá bhrí sin, ní féidir aon cheist a bheith ann maidir le ceanglas ceirde atá riachtanach agus cinntitheach sa chás seo.

⁵² Breithiúnas an 12 Eanáir 2023, *TP (Eagarthóir closamhairc don teilifís phoiblí)* (C-356/21, EU:C:2023:9, mír 71 agus an cásdlí dá dtagraítear).

⁵³ Breithiúnas an 7 Samhain 2019, *Cafaro* (C-396/18, EU:C:2019:929, mír 44). Ní mór don rial chumasúcháin a bheith beacht go leor chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart lena mbaineann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 2(5) de Threoir 2000/78 (breithiúnas an 13 Meán Fómhair 2011, *Prigge agus páirtithe eile*, C-447/09, EU:C:2011:573, mír 61).

88. Ba mhaith liom a chur in iúl, i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 4(1) de Threoir 2000/78, a scrúdóidh mé thíos, go bhfuil difríocht sa chóireáil a bheadh ina idirdhealú, bíodh sé díreach nó indíreach, lasmuigh de raon feidhme na Treorach sin. Ba mhaith liom a chur in iúl freisin, a mhéid a cheadaítear maolú léi ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe, nach mór an fhoráil sin, arna léamh i bhfianaise aithris 23 sa bhrollach a ghabhann leis an Treoir sin, a thagraíonn do “imthosca an-teoranta” ina bhféadfadh údar a bheith leis an difríocht sin sa chóireáil, a léirmhíniú go docht⁵⁴.

89. Sa chéad áit, is faoi na Ballstáit atá sé “a fhoráil”, i gcás inarb iomchuí, nach idirdhealú é difríocht cóireála bunaithe ar shaintréith atá nasctha le ceann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 1 de Threoir 2000/78. Sa chás seo, is cosúil gur fheidhmigh Ríocht na Beilge an rogha sin, ar a laghad maidir le cásanna ina bhfuil difríocht dhíreach sa chóireáil, trí Airteagal 8 den Dlí Ginearálta maidir le Frith-Idirdhealú a ghlacadh, annach mór, áfach, don chúirt a rinne an tarchur a fhíorú.

90. Sa dara háit, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Threoir 2000/78, ionas nach ndéanfar difríocht sa chóireáil mar idirdhealú, ní mór é a bheith “bunaithe ar shaintréith nasctha a bhaineann le ceann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 1 [den Treoir sin]”. Tá sé ráite ag an gCúirt, ina leith sin, nach é an rud nach mór a bheith ina cheanglas riachtanach an foras ar a bhfuil an difríocht sa chóireáil bunaithe, ach saintréith a bhaineann leis an bhforas sin⁵⁵. Is é mo thuairim gurb amhlaidh atá sa chás seo. Is saintréith a bhaineann leis an reiligiún an cosc a fhorchuirtear ar fhostaithe an Commune ó chomharthaí a chaitheamh a d’fhéadfadh a léiriú go gcloíonn siad, *inter alia*, le reiligiún ar leith, mar shampla an caifirín Ioslamach, ar léiriú é ar an gcreideamh Moslamach.

91. Sa tríú háit, ní mór gurb ionann an tréith lena mbaineann agus “ceanglas ceirde riachtanach agus cinntitheach”, agus ní mór an ceanglas sin a bheith “go hoibiachtúil”⁵⁶ de réir chineál nó choinníollacha saothrú na gníomhaíochta ceirde atá i gceist. I ndáil leis sin, aontaím go hiomlán le tuairim an Abhcóide Ghinearálta Sharpston nach mór Airteagal 4(1) de Threoir 2000/78 a chur i bhfeidhm ar bhealach beacht agus nach féidir é a úsáid chun údar a thabhairt le heisceacht ghinearálta i gcás na ngníomhaíochtaí go léir a bhféadfadh fostaí a bheith rannpháirteach iontu go teoiriciúil⁵⁷. Maidir leis an gcás ar leith sa chás seo, is deacair liom a fheiceáil conas a chuirfeadh an fhíríc go gcaitheann OP an caifirín Ioslamach bac ar bith uirthi a cuid dualgas mar dhlíodóir atá fostaíthe ag riarachán bardasach a chomhlíonadh go hiomlán. Thairis sin, níl aon léiriú chuige sin san ordú tagartha. *A fortiori*, is mar sin atá ós rud é, i mbardais eile na Beilge, go ndéanann fostaíthe na cúraimí céanna, gan aon srian orthu maidir le héide a chaitheamh, bídis i dteagmháil dhíreach leis an bpobal nó ná bíodh.

92. Sa cheathrú háit, a mhéid is gá scrúdú a dhéanamh ar an gcoinníoll nach mór don aidhm atá á saothrú a bheith dlisteanach agus an ceanglas a bheith comhréireach, i bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, tagraím don anailís atá leagtha amach agam i míreanna 62 go 64 agus 76 sa Tuairim seo.

93. Dá bhrí sin, tá mé den tuairim, faoi réir na bhfíoruithe atá le déanamh ag an gcúirt a rinne an tarchur, nach bhfuil an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 4(1) de Threoir 2000/78 infheidhme sa chás seo ach oiread.

⁵⁴ Breithiúnas an 15 Iúil 2021, *Tartu Vangla* (C-795/19, EU:C:2021:606, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear)

⁵⁵ Breithiúnas in *Bouagnaoui agus ADDH*, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear.

⁵⁶ Breithiúnas in *Bouagnaoui agus ADDH*, mír 40.

⁵⁷ Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Sharpston in *Bouagnaoui agus ADDH* (C-188/15, EU:C:2016:553, mír 95).

Conclúid

94. I bhfianaise na gcúinsí sin roimhe seo, molaim go bhfreagróidh an Chúirt na ceisteanna a tharchuir an tribunal du travail de Liège (Cúirt Oibreachais, Liège, an Bheilg) le haghaidh réamhrialú mar seo a leanas:

- 1) Maidir le hAirteagal 2(2)(a) de Threoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní hionann foráil sna rialacháin oibre d'eintiteas poiblí lena gcuirtear cosc ar fhostaithe, d'fhonn timpeallacht riaracháin atá go hiomlán neodrach a eagrú, aon chomhartha infheicthe de chreidimh pholaitiúla, fealsúnachta nó reiligiúnacha san ionad oibre a chaitheamh agus, ag tabhairt aird ar fhostaithe ar mian leo a saoirse reiligiúin agus coinsiasa a fheidhmiú trí chomhartha nó éide de chiall reiligiúnach a chaitheamh go hinfeicthe, agus idirdhealú díreach bunaithe ar reiligiún nó creidimh de réir bhrí na Treorach, ar an gcoinníoll go gcuirtear an fhoráil sin i bhfeidhm go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach.

- 2) Maidir le hAirteagal 2(2)(b) de Threoir 2000/78

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

is féidir údar a thabhairt do dhifriocht cóireála atá bunaithe go hindíreach ar reiligiún nó creidimh agus a n-eascraíonn ó fhoráil de rialacháin oibre d'eintiteas poiblí lena gcuirtear cosc ar fhostaithe aon chomhartha infheicthe de chreidimh pholaitiúla, fealsúnachta nó reiligiúnacha a chaitheamh san ionad oibre mar gheall ar mhian an eintitis sin timpeallacht riaracháin atá go hiomlán neodrach a eagrú, ar choinníoll, ar an gcéad dul síos, go gcomhfhreagraíonn an mian sin d'fhíor-riachtanas de chuid an eintitis sin nach mór don eintiteas sin a léiriú, ar an dara dul síos, go bhfuil an difriocht sin sa chóireáil iomchuí chun cur i bhfeidhm cuí na méine sin a áirithiú, agus, ar an tríú dul síos, go mbeidh an cosc sin teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach.